Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

ADVANCED
General Certificate of Education
2024

Forbairt Córas Bogearraí

Aonad A2 1

Cuir Chuige Córas agus Coincheapa Bunachair Sonraí

[ADV11]

ADV11

DÉARDAOIN 23 BEALTAINE, IARNÓIN

AM

2 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.
Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **1(a)**, **2(b)**, **4** agus **5(b)**.

1 **(a)** Le linn na céime tionscnaimh den fhorbairt bogearraí, is féidir staidéar féidearthachta a choimisiúnú, agus is gnách doiciméad Téarmaí Tagartha a shocrú. Pléigh an dóigh a mbíonn gach ceann de na comhpháirteanna seo de chéim an tionscnaimh ag cur le córas nua a fhorbairt ag Seirbhísí Glantóireachta Iomlána (SGI), agus sainaithin na baill foirne ar dócha go mbeidh baint acu leis.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

[6]

(b) Mhínigh Catherine, an t-Anailísí Córas, do na páirtithe leasmhara éagsúla go leagfaidh an chéim tionscnaimh amach an bhonnshraith don tionscadal ag Seirbhísí Glantóireachta Iomlána (SGI) agus go socróidh sí a treoir ghinearálta.

Sainaithin dhá pháirtí leasmhara a bheidh de dhíth leis na fadhbanna a réiteach le **Foirm Éilimh Uaireanta Breise** (Doiciméad 3 – leathanach 6 den chás-staidéar), agus mínigh cad chuige ar gá dóibh a bheith rannpháirteach ann.

Páirtí leasmhar 1: _____

Míniú:

_____

_____

_____

_____

_____

Páirtí leasmhar 2: _____

Míniú:

_____

_____

_____

_____

_____ [6]

[Tiontaigh an leathanach

2 Tá cinneadh déanta ag Pat, an bainisteoir tionscadail agus a foireann úsáid a bhaint as modheolaíocht agile ag SGI, mar mhalairt ar chur chuige traidisiúnta.

(a) Bain úsáid as na litreacha ó liosta seo a leanas, leis an tábla thíos a chomhlánú le heochairluachanna na Modheolaíochtaí Agile a thaispeáint. Tá an chéad mheaitseáil déanta duit.

A Freagairt ar athrú

B Comhoibriú le custaiméirí

C Bogearraí oibre

D Plean a leanúint

E Próisis agus uirlisí

F Idirbheartaíocht a dhéanamh ar chonradh

G Doiciméadú uileghabhálach

H Daoine agus idirghníomhaíochtaí

Eochairluachanna Agile		
H	os cionn	**E**
	os cionn	
	os cionn	
	os cionn	

[3]

(b) Cuir i gcodarsnacht na heochairghnéithe atá ag na cuir chuige Agile agus Traidisiúnta maidir le forbairt córais, agus cuir samplaí ar fáil a léiríonn cé acu cur chuige is fóirsteanaí do SGI.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

[8]

[Tiontaigh an leathanach

3 D'úsáid Catherine UML le léaráid seichimh a chruthú a léiríonn cuid den phróiseas le hagaillaimh a sceidealú d'fhostaithe féideartha nua.

(a) Comhlánaigh an tábla seo a leanas leis na comhpháirteanna den léaráid seichimh thall a shainaithint:

Siombail Chomhpháirte	Ainm Comhpháirte
A	
B 	Fráma Malartach
C	Teachtaireacht Fillte
D	
E	
F	

[4]



Tabhair do d'aire: is é is fráma malartach (alt) ann ná rogha idir dhá sheicheamh teachtaireachta nó níos mó agus is ionann é agus "if-else"

[Tiontaigh an leathanach

(b) Cuir síos ar na hidirghníomhaíochtaí sa léaráid seichimh a chinntíonn nach bhfuil aon mholtóirí ar iarraidh ann.

[3]

(c) Sainaithin dhá léaráid UML eile arbh fhéidir iad a úsáid agus na córais nua á bhforbairt ag SGI. Do gach léaráid a roghnaíonn tú, sainigh an cineál spriocghrúpa a bhfuil sí dírithe orthu.

Léaráid UML 1: _____

Spriocghrúpa Beartaithe: _____

Léaráid UML 2: _____

Cineál Spriocghrúpa Beartaithe: _____ [4]

4 Rinne Pat tosaíocht den ghá le sceideal agallaimh a fhorbairt sa phróiseas forbartha ach tá imní uirthi anois gur chóir tabhairt faoi shaincheisteanna eile leis an chóras reatha ar dtús.

Agus machnamh á dhéanamh agat ar bhacainní an Triantáin Iarainn, pléigh na himpleachtaí féideartha do riachtanais eile an tionscadail má tharlaíonn sé go bhfuil riachtanas sceideal an agallaimh níos casta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm ná mar a síleadh ar dtús.

Sa fhreagra agat, ba chóir duit riachtanais eile a shainaithint ón chás-staidéar a dtiocfadh leis sin dul i bhfeidhm orthu, agus an dóigh a dtiocfadh le Pat an tionscadal a láimhseáil lena rathúnas a chinntiú gan an caighdeán a ísliú.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

[6]

[Tiontaigh an leathanach

5 Ba mhaith le Catherine a chinntiú go gcuirfidh an córas nua an ráta ceart ragoibre i bhfeidhm don fhoireann agus tá tús curtha aici leis an phróiseas tástála.

(a) Déan tagairt do **Rátaí Ragoibre Thábla 1** ó leathanach 5 den chás-staidéar leis an Tábla Tástála neamhiomlán thíos a chomhlánú lena chinntiú go n-iontráilfear na sonraí ábhartha tástála a tháirgfidh an toradh ionchais.

Tábla tástála neamhiomlán		
Sonraí Tástála	Fáth le Sonraí Tástála	Toradh Ionchais
Lá Oibrithe: _____ Tréimhse Ama: _____ Sainchód:	Lena chinntiú go gcuirtear an bunráta i bhfeidhm.	Bunráta curtha i bhfeidhm.
Lá Oibrithe: _____ Tréimhse Ama: _____ Sainchód:	Lena chinntiú go gcuirtear an bunráta +18% i bhfeidhm.	Bunráta curtha i bhfeidhm +18% curtha i bhfeidhm.

[6]

(b) Tá an toradh ionchais ó gach ceann de na tástálacha seo ag brath ar úsáid sonraí **bailí** tástála. Pléigh an tábhacht atá le cineálacha eile sonraí tástála a chur isteach le linn chéim na tástála. Luaigh samplaí sainiúla de gach cineál de shonraí tástála taobh istigh de chomhthéacs na rátaí ragoibre a thástáil.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

[6]

[Tiontaigh an leathanach

6 Tá Catherine ag smaoineamh ar an struchtúr bunachair sonraí optamach don réiteach mholta bogearraí ag SGI.

Roghnaigh na focail nó na frásaí cearta ón rogha atá curtha ar fáil leis na paragraif thíos a chomhlánú. Is féidir focail agus frásaí a úsáid níos mó ná uair amháin.

aitreabúidí	**aonáin**	**innéascú**	**tuismitheoir-páiste**	**scéimre**
C#	**aonán**	**bainistíocht**	**eochair phríomhúil**	**dearthóirnód**
bunuimhreacht	**gaol na n-aonán**	**líonra**	**iarratas**	**SQL**
páiste	**eochair iasachta**	**normalú**	**coibhneasta**	**táblaí**
páistí	**ordlathach**	**tuismitheoirí**	**gaoil**	**idirbheartaíocht**

Bíonn cineálacha difriúla bunachair sonraí ann, ach is iad na cinn is coitianta ná na samhlacha _____, _____, agus _____.

Tá an tsamhail _____ in úsáid go forleathan inniu mar gheall ar a tsolúbthacht agus a héifeachtúlacht. Bíonn sonraí eagraithe i _____ aici agus déantar gaoil a bhunú ag úsáid coincheap ar _____ agus _____ iad.

I gcodarsnacht leis sin, eagraíonn an tsamhail _____ sonraí ina struchtúr _____ , rud atá iontach cosúil le craobh ghinealaigh.

Tá an tsamhail _____ cosúil, ach ligeann sí do _____ _____ iolracha a bheith aige rud a chruthaíonn tacar casta gaol.

Is cuid ríthábhachtach de dhearadh nua-aimseartha bunachair sonraí í an tsamhail _____.

Is é atá i gceist leis an mhodh seo de dhearadh bunachair sonraí ná na _____ agus na _____ s'acu a shainaithint, chomh maith leis na _____ eatarthu.

An _____ atá ag gaol, is é sin, líon na n-ásc de _____ ar féidir iad a nascadh le háisc de cheann eile, is gné ríthábhachtach den tsamhail seo í.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir na hoibríochtaí agus na hionramhálacha seo uilig a dhéanamh mar gheall ar chóras _____ bunachair sonraí a úsáideann teangacha mar _____ le hionramháil agus sainiú sonraí a dhéanamh. [10]

[Tiontaigh an leathanach

7 Déanann Jean agus Henry aighneachtaí ragoibre cliant a thaifeadadh i bhformáid tábla ar a ríomhaire glúine. Tá sampla de na haighneachtaí míosúla ragoibre taispeánta ar an chéad leathanach eile.

Déanfaidh Catherine na sonraí seo a iniúchadh agus déanfaidh sí iarracht iad a normalú.

(a) Mínigh a thábhachtaí atá sé sonraí a normalú nuair a dhéantar córais bunachair sonraí a fhorbairt.

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

(b) Sainaithin an príomhfhócas do na céimeanna seo a leanas den normalú:

(i) 1NF

_____

_____ [1]

(ii) 2NF

_____

_____ [1]

(iii) 3NF

_____

_____ [1]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann Ceist 7 ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

14307.04

Taifead neamhiomlán d’uaireanta ragoibre d’fhostaithe:

OTMonthID	StaffID	FName	SName	EmploymentType	ContractHours	FormReceived	OTDate	StartTime	EndTime	DayType	SpecialistID
Mar24	2001	Warren	Patterson	Lánaimseartha	40	30-03-2024	01-03-2024	18:00	22:00	Lá den tseachtain	S1
											S2
							02-03-2024	07:00	08:00	Dé Sathairn	
Mar24	2002	James	McArdle	Páirtaimseartha	20	26-03-2024	03-03-2024	06:00	08:30	Dé Domhnaigh	S2
											S3
							04-03-2024	18:00	22:00	Lá den tseachtain	S1
Apr24	2001	Warren	Patterson	Lánaimseartha	40	25-04-2024	06-04-2024	17:30	19:00	Dé Sathairn	
---	---	---	---	---	---	---	---	---	---	---	---

24ADV1116

Tá trí ghrúpa athfhillteacha sainaitheanta ag Catherine ó thábla na n-uaireanta ragoibre.

(c) Trasfhoirmigh na sonraí ón tábla ina 1NF.

1NF

OTMONTH_STAFF _____

OTMONTH_STAFF_DATE _____

OTMONTH_STAFF_DATE_SPECIALIST _____

[3]

[Tiontaigh an leathanach

Trasfhoirmigh na sonraí ón tábla ina 2NF.

2NF (ba chóir táblaí neamhathraithe a lipéadú mar *table name (unchanged)*)

[3]

Trasfhoirmigh na sonraí ón tábla ina 3NF.

3NF (ba chóir táblaí neamhathraithe a lipéadú mar *table name (unchanged)*)

[1]

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

[Tiontaigh an leathanach

8 Tá Louise, an forbróir bunachair sonraí, ag obair ar struchtúr bunachair sonraí (**Fíor 1**, thíos) le cuidiú leis an phróiseas meaitseála idir cliaint agus foireann a uathoibriú.

STAFF

Field	Data Type
StaffID	int
StaffTitle	varchar(5)
StaffFName	varchar(20)
StaffSName	varchar(20)
StaffPcode	varchar(12)
StaffTownID	int
StaffTel	varchar(11)
StaffEmail	varchar(20)

SPECIALITY

Field	Data Type
SpecialID	int
SpecialDesc	varchar(20)
SpHourlyRate	decimal(4,2)

TOWN

Field	Data Type
TownID	int
TownName	varchar(20)

STAFF_SPECIALITY

Field	Data Type
StaffID	int
SpecialID	int

STAFF_CLIENT_MATCH

Field	Data Type
StaffID	int
ClientID	int

STAFF_AVAILABILITY

Field	Data Type
StaffID	int
SlotID	int

Fíor 1: Struchtúr **neamhiomlán** bunachair sonraí le próiseas a mheaitseáil

(a) Tá Declan Downey (StaffID: 3) ar fáil ar maidin (SlotID: 1) agus sa tráthnóna (SlotID: 2).

Scríobh an script SQL a chuirfidh na taifid seo leis an bhunachar sonraí.

[4]

(b) I ndiaidh dó cúrsa a dheanamh, tá ceann de speisialtachtaí Declan i ndiaidh athrú ó Dhíghalrú Bunúsach agus Domhainghlanadh (SpecialID: 2) go Glanadh na dTascanna Guaiseacha (SpecialID: 3).

Scríobh an script SQL a léireoidh an t-athrú seo sa bhunachar sonraí.

[4]

(c) Ní mór réimse nua, StartDate, a chur leis an tábla STAFF. Ba chóir gurb é an dáta reatha é luach an réimse, de réir réamhshocraithe.

(i) Scríobh an script SQL a léireoidh an t-athrú seo ar an bhunachar sonraí.

[4]

(ii) Cad é an luach StartDate a bheidh ag baill foirne atá ann cheana féin, leithéidí Declan, i ndiaidh an t-athrú seo a dhéanamh?

[1]

[Tiontaigh an leathanach

(d) Tá liosta de ghlantóirí le taithí de dhíth, glantóirí a bhfuil saineolas acu ar sheandachtaí agus saothair ealaíne a ghlanadh. Tuigeann an cliant atá ag iarraidh na seirbhíse gur seirbhís sainréimse atá ann agus smaoineoidh sé ar ghlantóiri ó bhaile mór ar bith. Glacfaidh an cliant le sliotán ama ar bith ach an Domhnach.

Tabhair faoi deara:

- Glac leis gur cuireadh SpecialID do Ghlantóireacht Seandachtaí agus Saothair Ealaíne leis mar ID **4**
- Is é **5** an SlotID don Domhnach
- Déantar glantóir a rangú mar ghlantóir le taithí má tá siad fostaithe le 5 bliana nó níos mó
- Glac leis gur cuireadh StartDate leis an tábla Staff agus gur cuireadh luachanna leis don fhoireann atá ann cheana féin

Scríobh an script SQL a chruthóidh liosta a shásaíonn na riachtanais thuas. Ba chóir go mbeadh líon na nglantóirí fóirsteanacha atá ar fáil i ngach baile mór ar an liosta.

[12]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	**Marcanna**
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
Marc Iomlán	

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

ADV11/3
295713

Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2024

Forbairt Córas Bogearraí

Aonad A2 1

Cás-Staidéar ar Chuir Chuige Córas agus

Coincheapa Bunachair Sonraí

[ADV11]
DÉARDAOIN 23 BEALTAINE, IARNÓIN

Cóip don Scrúdú

Treoir d'Iarrthóirí:

Tá an scrúdú A2 1 ar Chuir Chuige Córas agus Coincheapa Bunachair Sonraí bunaithe ar an Chás-staidéar réamheisiúna seo.

Ní mór duit an chóip ghlan **seo** den ábhar réamheisiúna a úsáid sa scrúdú agus **ní** do chóip anótáilte féin.

SEIRBHÍSÍ GLANTÓIREACHTA IOMLÁNA

Is comhlacht Seirbhísí Glantóireachta Iomlána (SGI) atá ag forbairt agus atá ag fás agus ag éagsúlú i rith an ama. Is le Jean agus Henry Johnson an comhlacht, agus tá taithí phearsanta acu ar bhainistiú a dhéanamh ar sheirbhísí tís agus cothabhála óstán san earnáil ghnó. Ba mhór an cuidiú í an taithí seo agus iad ag leagan síos bhunsraith a ngnólachta.

Shainaithin Jean agus Henry dhá chuspóir. An chéad chuspóir, ceann atá seanbhunaithe anois, ná le seirbhís ghníomhaireachta a chruthú a chuirfeadh foireann lánaimseartha nó páirtaimseartha ghlantóireachta agus tís ar fáil do chliaint phríobháideacha aonair nó do ghnólachtaí áitiúla. An dara cuspóir, ceann atá níos fadtréimhsí, ná le seirbhís cothabhála a bhunú a bheadh le forbairt ar an dul chéanna. Is é an dóchas atá acu, go mbeidh seirbhís iomlán bainistíochta saoráidí ann amach anseo dá thoradh seo. Tá aisling ghnó thar a bheith soiléir acu.

Tá SGI i ndiaidh 35 ball foirne oilte a earcú cheana féin, ar cuireadh a gcuid mionsonraí le clár fostaithe. Chomh maith leis sin, tá clár cliant cruthaithe acu (a bhfuil 112 cliant air faoi láthair) le hiarratais a thaifeadadh agus le mionsonraí na gcliant a choinneáil. Caithfidh SGI bheith ábalta an mheaitseáil cheart a chur ar fáil idir fostaí agus cliant.

Bíonn cuidiú de dhíth ar a lán cliant ar gearrfhógra mar gheall ar thosca neamhthuartha agus dar le Jean agus Henry, is gné thábhachtach de SGI é sin. Ba mhaith leo fostaithe lánoilte a chur ar fáil dá gcuid cliant, fostaithe a choinneoidh na caighdeáin is airde ina gcuid oibre. Tá sé de rún acu na seirbhísí seo a leathnú le conarthaí a chuimsiú le cliaint ar scála níos mó, lena n-áirítear ospidéil agus scoileanna.

Earcaíonn SGI a gcuid foirne ag brath ar an éileamh agus ar an ghá a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. I ndiaidh próiseas iarratais agus agallaimh, iarrtar ar na hiarratasóirí rathúla dul isteach i bhfoireann an ghnólachta. Tógtar mionsonraí óna bhfoirm iarratais (féach Doiciméad 1) agus déantar iad a thaifeadadh i gclár na foirne. Cuimsíonn siad seo mionsonraí teagmhála, infhaighteacht agus aon deimhiúchán speisialtóra agus taithí.

Doiciméad 1

SEIRBHÍSÍ GLANTÓIREACHTA IOMLÁNA (SGI)

Foirm Iarratais

Lánaimseartha /Páirtaimseartha (ciorclaigh do rogha)

Teideal: _____ Céadainm: _____ Sloinne: _____

Seoladh: _____

_____

Postchód: _____

Uimh. Ghutháin: _____

Ríomhphost: _____

Post reatha: _____

Infhaighteacht: **Maidin / Tráthnóna / Oíche / Satharn / Domhnach (ciorclaigh do rogha)**

Cáilíochtaí: _____

_____

_____

Taithí: _____

_____

_____

_____

Scileanna Speisialtóra: _____

Moltóirí: 1. Ainm: _____ 2. Ainm: _____

Seoladh: _____ Seoladh: _____

_____ _____

Postchód: _____ Postchód: _____

Uimh. Ghutháin: _____ Uimh. Ghutháin: _____

Tagann iarratais ar sheirbhísí glantóireachta ó réimse cliant, idir dhaoine príobháideacha agus ghnólachtaí. Déantar na hiarratais seo a thaifeadadh i gclár cliant. Déantar mionsonraí a bhailiú ar fhoirm iarratais chliaint (Doiciméad 2) agus is féidir leis an chliant nó le Jean an fhoirm sin a chomhlánú.

I measc na mionsonraí, tá faisnéis cliaint, nádúr na seirbhíse a iarradh, agus na hamanna atá de dhíth.

Doiciméad 2

SEIRBHÍSÍ GLANTÓIREACHTA IOMLÁNA (SGI)

Foirm Iarratais an Chliaint

Cliant Príobháideach / Gnó (ciorclaigh do rogha)

Ainm Gnólachta: _____ Teagmháil: _____

Seoladh: _____

_____

Postchód: _____

Uimh. Ghutháin: _____

Ríomhphost: _____

Seirbhís aon uaire / seirbhís rialta (laethúil / seachtainiúil / míosúil) **(ciorclaigh do rogha)**

Sliotán ama ab fhearr: Maidin / Tráthnóna / Oíche / Satharn / Domhnach **(ciorclaigh do rogha)**

Seirbhís speisialtóra: Tá / Níl **(ciorclaigh do rogha)**

Líon uaireanta: _____

Is féidir iarratais teacht ó chliaint phríobháideacha ag iarraidh seirbhísí aon uaire, mar shampla, teach a ghlanadh ina iomláine roimh aistriú tí nó ina dhiaidh, nó cuidiú i ndiaidh teach a athchóiriú. B'fhéidir go mbeadh cliaint phríobháideacha ar lorg seirbhísí rialta fosta, bíodh sin go laethúil, go seachtainiúil nó go míosúil ag brath ar thosca.

De ghnáth, bíonn iarratais ó ghnólachtaí ar sheirbhísí rialta glantóireachta ag amanna ar leith, uaireanta go luath ar maidin, i ndiaidh uaireanta gnó nó ag an deireadh seachtaine. In amanna, beidh gnólacht ar lorg domhainghlanadh bliantúil aon uaire, nó glantóireacht speisialtóra i ndiaidh teagmhais a bhaineann leis an obair, i ndiaidh atógáil a dhéanamh ar leagan amach oifige nó roimh aistriú go foirgneamh eile.

Is féidir le gach cliant feidhm a bhaint as seirbhísí speisialtóirí glantóireachta, a bhféadfaí trealamh speisialta a bheith i gceist leo, agus b'fhéidir go mbeadh orthu éadaí cosanta a chaitheamh agus b'fhéidir go mbeadh orthu déileáil le substaintí guaiseacha agus fadhbanna timpeallachta eile. Ní mór na baill foirne atá i mbun glantóireachta den chineál seo bheith lánoilte agus an trealamh ceart a bheith acu leis an tseirbhís atá de dhíth a dhéanamh. B'fhéidir go gcuimseodh na seirbhísí seo cairpéid a ghlanadh, díghalrú iomlán ar limistéar, déileáil le doirteadh guaiseach nó domhainghlanadh iomlán a dhéanamh ar chistiní agus ar fhearais, bíodh sin i dteach nó i ngnólacht.

I ndiaidh iad a chríochnú, déantar inneachar Dhoiciméad 1 agus Dhoiciméad 2 a chóipeáil isteach i ndoiciméad *WORD*. Níl ann, dáiríre, ach stóras randamach mionsonraí nach bhfuil eagraithe mar is ceart ar chor ar bith. Fágann a lán iarratasóirí codanna den fhoirm atá tábhachtach ar lár, codanna mar 'taithí roimhe seo' nó 'Moltóirí'. Cuid de na hiarratasóirí, tugann siad sonraí nach bhfuil ceart, agus is fadhb mhór í sin.

I ndiaidh an dáta deiridh do bhabhta iarratas, iarrtar ar iarratasóirí agallamh gairid a dhéanamh. Nuair is féidir sin, taifeadtar aon eolas nach bhfuil iomlán ag an phointe seo, cé go dtógann sin neart ama agus cuireann moill ar an phróiseas. Déantar próiseas den chineál chéanna le cliaint atá ag comhlánú foirm iarratais do sheirbhísí agus arís eile, déantar an fhaisnéis a chóipeáil

isteach i ndoiciméad *WORD*. Níl aon dátaí luaite ar cheachtar den dá dhoiciméad. Ba mhaith le SGI na doiciméid seo a bheith déanta go hiomlán ar líne.

Síníonn gach fostaí agus gach cliant conradh.

De réir mar a mhéadaigh na cláir, d'éirigh an próiseas meaitseála lámhdhéanta níos neamhéifeachtúla agus anois níl sé go hiomlán iontaofa.

Déanann SGI cliaint a mheaitseáil le baill foirne atá ar fáil, agus déanann siad iarracht an mheaitseáil is fearr a dhéanamh i gcónaí. Rinneadh an próiseas meaitseála seo a bhainistiú go measartha éifeachtúil go dtí seo, den chuid is mó mar gheall ar líon íseal na ndaoine atá i gceist. Agus sin ráite, aithníodh riamh go mbeadh ríomhchóras ceart de dhíth le fás ar líon na gcliant a éascú, ionas go mbeadh siad ábalta idirghníomhú a dhéanamh ar líne, faisnéis a láimhseáil agus tuairiscí agus staitisticí cearta a bhaint as. Is léir do SGI go bhfuil dianghá le ríomhchóras ceart anois. Tá fadhbanna ag teacht chun cinn sa phróiseas 'meaitseála' fosta. Ní féidir moill a sheachaint mar gheall ar an éileamh agus tá contúirt mhór ann go gcaillfear gnó. Ar roinnt ócáidí, ba léir fosta go raibh drochmheaitseáil idir cliant agus fostaí agus droch-chumarsáid maidir le seirbhísí sceidealaithe agus riachtanais chliaint.

Thug roinnt cliant le fios go bhfuil an chosúlacht air nach ndéanann an fhoireann seirbhís speisialtóra mar is ceart agus in amanna, nach mbíonn an trealamh cuí acu.

Cé go bhfuil triúr ball foirne lánaimseartha fostaithe ag SGI anois le cuidiú le cúrsaí riaracháin, is deacair gach rud a bhainistiú agus tá cur chuige anordúil ann. Tá riarachán na hearcaíochta, coinneáil taifead, sceidil na foirne a rianú, bainistiú a dhéanamh ar chothabháil agus ar iompar trealaimh, gnéithe airgeadais a bhaineann le tuarastail, ragobair agus billeáil, tá siad ag druidim le leibhéal na géarchéime.

Lena chois sin, tá mórán oibre i gceist le billeáil a dhéanamh ar chliaint agus bainistiú a dhéanamh ar phárolla na foirne agus ní dhéantar iad a chomhlánú i gcónaí ar dhóigh thráthúil chruinn. Bhíodh na gníomhaíochtaí seo bainistithe go measartha maith nuair a bhí an líon daoine beag ach anois tá moilleanna ag tarlú agus, rud atá ina chúis imní níos mó, tá meancóga á ndéanamh.

Íoctar baill foirne lánaimseartha agus páirtaimseartha go míosúil ar bhunráta socraithe a ndéantar athbhreithniú air go bliantúil. Is féidir le gach ball foirne uaireanta ragoibre a thógáil fosta de bhreis ar a n-uaireanta conartha. Íoctar na huaireanta seo ar rátaí difriúla, ag brath ar cé acu i rith an lae, san oíche nó ag an deireadh seachtaine atá an obair agus chomh maith leis sin, an gcuirtear aon scileanna speisialtóra ar fáil mar gur chóir na cliaint a bhilleáil dá réir. Is é atá i gceist le S1, trealamh a úsáid agus baineann sé le tascanna ar nós cairpéid a ghlanadh agus fearais tráchtála a úsáid. Chuirfí cód S2 i bhfeidhm ar dhíghalrú agus ar dhomhainghlanadh. Léiríonn an cód S3 aon tascanna guaiseacha. Bíonn scileanna speisialtóra, S1, S2 agus S3, íoctha ar ráta comhréidh £10, £20 agus £30 faoi seach.

Taispeánann Tábla 1 thíos na rátaí éagsúla íocaíochta.

Tábla 1: Rátaí Ragoibre

Lá	Tréimhse Ama			Speisialtóir S1/S2/S3
	6.00am–9.00am	9.00am–5.30pm	5.30pm–10.00pm	
Lá i rith na seachtaine	Bunráta + 10%	Bunráta	Bunráta + 10%	Ráta tréimhse ama + 5% + S1/S2/S3
Dé Sathairn	Bunráta + 15%	Bunráta + 10%	Bunráta + 15%	Ráta tréimhse ama + 8% + S1/S2/S3
Dé Domhnaigh	Bunráta + 15%	Bunráta + 10%	Bunráta + 15%	Ráta tréimhse ama + 8% + S1/S2/S3

Ní mór do gach ball foirne atá ag déanamh ragoibre ‘Foirm Éilimh Uaireanta Breise’ a chur isteach ag deireadh gach míosa d’uaireanta ar bith breise a d’oibrigh siad. Ba chóir na huaireanta seo a íoc i lár na míosa dar gcionn, i ndiaidh iad a dhearbhú. Tá doiciméad samplach ‘Foirm Éilimh Uaireanta Breise’ (Doiciméad 3) ar taispeáint thíos.

Doiciméad 3

SEIRBHÍSÍ GLANTÓIREACHTA IOMLÁNA (SGI)

FOIRM ÉILIMH UAIREANTA BREISE

Lánaimseartha / Páirtaimseartha (páirtaimseartha ciorclaigh cineál conartha)

Uaireanta conartha: 18

Ainm: Sally McKenna

Dáta a fuarthas: _____

An tseachtain dar tús:		Ainm Cliaint: ~~Smiths~~ Smythes					
Lá	Dáta	Tús:	Críoch	Lá i rith na seachtaine	Dé Sathairn	Dé Domhnaigh	Iomláin
Dé Luain	5/02/24	6.30am	8.30am	√			2
Dé Sathairn	17/02/24	10.00am	11.45pm			√	1.5
Dé Domhnaigh	18/02/24	1.00pm	4.00pm		√ S2		3
Dé Luain	19/02/24	7.00am	8.30pm		√		2.5
Dé Sathairn	17/02/24	9.30am	11.00am	√			1.5
Dé Domhnaigh	18/02/22	1.00pm	3.00pm		√ S2		2

Foriomlán uair éileamh: 12

Sínithe: Sally McKenna Dáta: 29 Feabhra 2024

Tá an fhoirm i ndiaidh éirí ina thromluí ó thaobh riaracháin de. Ní mór foirm ar leith a chomhlánú do gach cliant. In amanna bíonn ainm na gcliant nó dátaí agus na hamanna mícheart ag na fostaithe, nó ríomhann siad iomlán a gcuid uaireanta go mícheart. Níl aon bhealach ann le fostaithe nó cliant a bhfuil an t-ainm céanna acu a aithint thar a chéile. Tá an fhoirm seo leadránach agus deacair a chomhlánú. Is minic a chuireann fostaithe an fhoirm seo isteach rómhall le híocaíocht a fháil i lár na míosa, rud a chuireann isteach orthu agus bíonn gearáin ann mar gheall air sin. Má tá barraíocht ama i gceist leis an fhoirm a sheiceáil, bíonn moill ar an íocaíocht fosta.

Bíonn a lán ama i gceist leis na cliaint a bhilleáil fosta agus bíonn a lán seiceálacha de dhíth.

Cé go n-aithníonn Henry agus Jean araon an tábhacht atá le saoráidí maithe TF le cuidiú le feidhmiú an ghnólachta, níl aon tuiscint cheart acu ar cad é a bheadh de dhíth. Tá roinnt ríomhairí glúine faighte acu agus roinnt bogearraí agus tá faisnéis taifeadta acu maidir le hiarratasóirí agus iarratais ar phoist. Agus sin ráite, níl na hacmhainní TF acu a bheadh de dhíth leis an ghnólacht a reáchtáil go héifeachtach.

Phléigh Henry agus Jean na fadhbanna lena bhfoireann agus lena gcuntasóir agus chuaigh siad i dteagmháil leis an chomhairleacht ríomhaireachta, Réitigh Bogearraí. Aithníonn Henry agus Jean go bhfuil géarghá práinneach le fiosrú a dhéanamh ar réitigh chearta ríomhaireachta don ghnólacht. Déanfaidh an chomhairleacht athbhreithniú ar an eagraíocht ina hiomláine agus déanfaidh siad moltaí ar ríomhchóras nua a chur i bhfeidhm.

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.